# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA SRAITHE SÓISEARAÍ, SPÁINNIS**

**SCÉIM MHARCÁLA**
**Líon Iomlán na Marcanna: 360**

| Grádú don tSraith Shóisearach | |
|---|---|
| **Céatadán** | **Tuairiscín Gráid** |
| ≥ 90 go 100 | Gradam |
| ≥ 75 agus < 90 | Ardtuillteanas |
| ≥ 55 agus < 75 | Tuillteanas |
| ≥ 40 agus < 55 | Gnóthaithe |
| ≥ 20 agus < 40 | Gnóthaithe go Páirteach |
| ≥ 0 agus < 20 | Gan aon Ghrád Tugtha (NG) |

**Socruithe Réasúnta:**

**Nuair a bhronntar scríobhaí, téipthaifeadán nó ríomhaire le seiceálaí litrithe ar iarrthóir agus nuair a bhaintear úsáid as an gcuidiú sin, nó nuair a bhronntar tarscaoileadh litrithe agus gramadaí ar an iarrthóir cuirfear leagan mionathraithe den Scéim Mharcála seo i bhfeidhm ar roinn Scríofa na Teanga den pháipéar seo.**
**(Féach Aguisín 1)**

**TABHAIR FAOI DEARA:**

Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **dais** - roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile don cheist.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Léiríonn **lúibíní ceanracha** [ ] briseadh síos de na marcanna taobh istigh den cheist **nó** tugann siad tuilleadh soiléireachta maidir le marcanna arna mbronnadh do fhreagraí ar leith don cheist sin.

- Tá eolas a <u>**bhfuil líne**</u> faoi **riachtanach** chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- I Roinn B ní bhronnfar marcanna ach ar **aidiachtaí** atá scríofa leis an ainmfhocal ceart i.e.an t-ainmfhocal a **cháiliú** – féach <u>faoi líne</u> sa scéim mharcála

- Ba chóir **freagraí a cealaíodh** a mheas nuair nach dtugtar freagra eile.

- **N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

- **Freagraí sa teanga mhícheart**
  I Roinn A agus/nó B sa chás go bhfreagraíonn an t-iarrthóir sa teanga **mhícheart** (i.e. sa Spáinnis in ionad an Bhéarla/na Gaeilge nó a mhalairt), cuirtear na pionós seo a leanas i bhfeidhm:
  - Nuair a fhreagraítear an **cheist iomlán** sa teanga mhícheart, marcáil de réir na scéime mharcála í agus bronn 50% de na marcanna a bhaintear amach.
  - Nuair atá **fo-mhír amháin nó níos mó**, ach nuair nach bhfuil **gach** ceann, freagartha sa teanga mhícheart, bronn **0m** ar na cinn a freagraíodh sa teanga mhícheart.
  - Má fhreagraítear ceisteanna sa dá theanga, ba cheart marcanna a bhronnadh le haghaidh na teanga cirte de réir na scéime mharcála agus neamhaird a thabhairt ar an teanga mhícheart.

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*
- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil**

Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile.

| Nóta mínithe | Ciall |
|---|---|
| // | Deireadh pointe a aithint |
| [ | Tús an phointe lascainithe |
| ] | Deireadh an phointe lascainithe |
| ✓ | Ábhar feicthe ag an scrúdaitheoir |
| ⌇ | Leathanach bán |
| MMS | Scéim Mharcála Mhionathraithe curtha i bhfeidhm |

| **Roinn A** | **Cluastuiscint** | **140 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 1:** **16 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | √ biblioteca | | **4m** |
| (b) | √ prima | | **4m** |
| (c) | √ verdadero | | **4m** |
| (d) | √ miércoles | | **4m** |

**Ceist 2:** **16 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | √ armario | | **4m** |
| (b) | √ marrón | | **4m** |
| (c) | √ feo | | **4m** |
| (d) | √ baloncesto | | **4m** |

**Ceist 3:** **18 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | 12, 18, 20 | | **9m** |
| (b) | √ verdadero | | **3m** |
| (c) | √ hace frío | | **3m** |
| (d) | √ el oeste | | **3m** |

**Ceist 4:** **15 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Dé hAoine, 11 (a.m.) | [**5+1m**] | **6m** |
| | [Chéad fhreagra ceart = 5m] | | |
| (b) | Tá sé uirthi dul go dtí an dochtúir, tá scornach nimhneach uirthi | [**5+1m**] | **6m** |
| | [Chéad fhreagra ceart = 5m] | | |
| (c) | 984 236 751 | | **3m** |

**Ceist 5:** **15 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ionad spóirt | | |
| (b) | Lean ar aghaidh díreach, (go dtí) deireadh na sráide, (cas) ar dheis | [**7+1+1m**] | **9m** |
| (c) | 10 nóiméad | | **3m** |

**Ceist 6:** **18 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Cairéid, oinniúin, piobair | [**4+1+1m**] | **6m** |
| | [Chéad fhreagra ceart = 4m] | | |
| (b) | Eachtraíocht, ficsean eolaíochta, taisteal | [**4+1+1m**] | **6m** |
| | [Chéad fhreagra ceart = 4m] | | |
| | [ficsean = 0m] | | |
| (c) | Dé Máirt, 18, Meán Fómhair | [**4+1+1m**] | **6m** |
| | [Chéad fhreagra ceart = 4m] | | |

**Ceist 7: 16 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Dé Luain, 15 Eanáir, 4 (p.m.) | **8m** |
| (b) | Bhuaigh an fhoireann pheile an cluiche ceannais | **4m** |
| (c) | (Beidh) cóisir sa ghiomnáisiam na scoile, níl aon rang sa iarnóin | **4m** |

**Ceist 8: 26 marc**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Dhá uair go leith | **3m** |
| (b) | Pálás (an) Rí, Ardeaglais, Príomh-Chearnóg | **6m** |
| (c) | Uibheagán (de chuid na Spáinne), cáis (Manchego), millíní feola | **6m** |
| (d) | Lár na cathrach, fiúntach/is fiú (é) | **4m** |
| (e) | (Ar an) idirlíon, deasc/scipéad (na dticéad) | **4m** |
| (f) | Ba mhaith leis dul ar cuairt chuig (an cathair seo) sa todhchaí | **3m** |

**Ceisteanna ilrogha:**

Nuair atá tic curtha ar dhá fhreagra agus níl siad cealaithe = 0 marc

Nuair atá tic curtha ar dhá fhreagra agus tá 1 freagra cealaithe, glac leis an bhfreagra nach bhfuil cealaithe.

Nuair atá freagra amháin tugtha agus tá sé cealaithe, glac leis mar fhreagra.

| Roinn B | Léamhthuiscint | 140 marc |
|---|---|---|

**Ceist 9:** **8 marc**

| Letra | Número | |
|---|---|---|
| **A** | 5 | **1m** |
| **B** | 4 | **1m** |
| **P** | 6 | **1m** |
| **D** | 3 | **1m** |
| **E** | 8 | **1m** |
| **F** | 1 | **1m** |
| **G** | 2 | **1m** |
| **D** | 7 | **1m** |

**Ceist 10:** **12 mharc**

| | NÚMERO | |
|---|---|---|
| a) Pedir la cuenta | **4** | **2m** |
| b) Ver una película | **2** | **2m** |
| c) Pasar la aspiradora | **1** | **2m** |
| d) Cortar el césped | **6** | **2m** |
| e) Escribir una carta | **3** | **2m** |
| f) Ir de compras | **5** | **2m** |

**Ceist 11:** **21 marc**

(a) (A unos) cien kilómetros de Córdoba **3m**

(b) Ocho **5m**

(c) A las doce (del) mediodía **3m**

[doce (del) mediodía = 2m]
[doce = 1m]

(d) **Dhá** cheann as: tienda de recuerdos / baños / aparcamiento [**5+5m**] **10m**

**Ceist 12:** **19 marc**

(a) 365 **2m**

(b) **Trí** cinn as: tíogair / pearóidí / nathair nimhe / beir [**7+1+1m**] **9m**

[Chéad fhreagra ceart = 7m]

(c) clós súgartha, rollchóstóir **2m**

[sliabh de chuid na Rúise = 0m]

(d) uisce, lóis ghréine, hata **6m**

**Ceist 13:** **25 marc**

(a) Deichiú Iúil 1972 **6m**

(b) Mór, ceathrar deartháireacha/siblíní níos sine **4m**

[iomadúil = 0m]

[deirfiúracha = 0m]

(c) Réasúnta ard, gruaig donn **6m**

(d) Imeall, sómasacha de Los Angeles **3m**

(e) Buail le cairde, siúlóireacht **6m**

**Ceist 14:** **38 marc**

(a) Cáisc / an tSeachtain Mhór / Seachtain na Páise **2m**

(b) **Ceann amháin** díobh seo: in aice le, trá an-mhór, tuaisceart na Spáinne **3m**

(c) Cúirt leadóige laistigh, linn (snámha) téite/te, cúirt bhabhlála nua **9m**

(d) Caisleáin (gainimh) déanta/tógtha **3m**

(e) Dioscó (do leanaí), amharclann (do dhéagóirí) pictiúrlann (amuigh faoin aer) [**7+1+1m**] **9m**

[Chéad fhreagra ceart = 7m]

(f) Arán, úlla, fíonchaora **3m**

(g) Spéaclaí gréine, scaif, milseáin [**7+1+1m**] **9m**

[Chéad fhreagra ceart = 7m]

**Ceist 15:** **17 Marc**

(a) Sean, (cathair) bríomhar **2m**

(b) An Afraic, An Eoraip **4m**

(c) (Ceann de na) siopaí leabhar, is deise, ar fud an domhain **3m**

[leabharlanna = 0m]

(d) foirgneamh mór, (an) teach de rialtais (an Airgintínigh/na hAirgintíne) **4m**

(e) Tá eitiltí níos saoire/díreach, níos lú turasóirí **4m**

| Roinn C | Scríobh na Teanga | 80 marc |
|---|---|---|

**Socruithe Réasúnta:**

**I Roinn C, Scríobh na Teanga, níor cheart pionós a ghearradh ar iarrthóirí ar bronnadh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí orthu nó iarrthóirí a bhain úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó ríomhaire le seiceálaí litrithe, mar gheall ar earráidí gramadaí nó litrithe. Ní chóir marcanna a bhronnadh ach amháin le haghaidh na cumarsáide agus an stóir focal. (Féach Aguisín 1)**

**Ceist 16:** **5 x 2 mharc = 10 marc**

**(a)** Lo que más me gusta es **chatear con mis amigos** en Internet. **2m**

**(b)** Esta noche voy a **cenar pescado** y patatas fritas. **2m**

**(c)** Estudio mucho porque quiero **sacar buenas notas** en el examen. **2m**

**(d)** Para ayudar en casa tengo que **limpiar mi dormitorio**. **2m**

**(e)** Por la mañana voy a **coger el autobús** para ir al colegio. **2m**

**Ceist 17** **30 marc**

Táthar ag súil go bhfreagróidh iarrthóirí **gach** pointe.
Marcáil gach pointe ar bhonn indibhidiúil don **Ábhar** ar dtús agus ansin marcáil iad go huilíoch le haghaidh **Cumas Scríofa** tríd na critéir thíos a úsáid.

Ábhar **10** marc + Cumas Scríofa **20** marc = **30** marc

**ÁBHAR** **5 phointe x 2m = 10 marc**

Marcáil gach pointe ar bhonn indibhidiúil tríd na critéir thíos a úsáid:

| **Catagóir** | **Ábhar** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **Barr** | • Tá an t-ábhar soiléir agus ábhartha den chuid is mó<br>• Forbraíodh an pointe | **2m** |
| **Bun** | • Tá an t-ábhar soiléir agus ábhartha i bpáirt<br>• Níor forbraíodh an pointe | **1m** |
| | • Tá an t-ábhar neamhshoiléir/neamhábhartha | **0m** |

**CUMAS SCRÍOFA** **20 marc**

Chun teacht ar mharc le haghaidh cumas scríofa déan **breithiúnas uilíoch** maidir le húsáid na teanga mar a leanas: stór focal, aimsirí, inscne agus comhtheacht aidiachtaí, litrithe, forainmneacha, réamhfhocal, úsáid na diúltach, srl. de réir na gcritéar marcála seo a leanas.

Bronn marcanna le haghaidh an chumais scríofa fhoriomlán a léiríonn an t-iarrthóir maidir le gach pointe a freagraíodh.

- Chun marcanna sa chatagóir 'Barr' a bhronnadh, ba chóir go bhfreagraítear gach ceann de na 5 phointe – téigh ar aghaidh go **Tábla B**.
- Má fhreagraítear níos lú ná 5 phointe, tagair do **Thábla A** agus ansin téigh ar aghaidh go **Tábla B** chun an cheist a mharcáil.

| **Tábla A** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Pointí a freagraíodh:** | 1 | 2 | 3 | 4 |
| **Uasmharc bronnta:** | 4m | 8m | 12m | 16m |

| **Tábla B** | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Cumas Scríofa** | **Marcanna** |
| **Barr** | • Stór focal – saibhir agus nathach b'fhéidir<br>• Briathra agus aimsirí – ceart | **17 – 20m** |
| **Lár** | • Stór focal – an-mhaith<br>• Briathra agus aimsirí – ceart den chuid is mó | **10 – 16m** |
| **Níos Ísle** | • Stór focal – réasúnta maith<br>• Briathra agus aimsirí – mícheart den chuid is mó | **5 – 9m** |
| **Bun** | • Stór focal – cúng<br>• Briathra agus aimsirí – teoranta | **1 – 4m** |
| | • Dothuigthe / neamhábhartha | **0m** |

**Ceist 18 40 marc**

Táthar ag súil go bhfreagróidh iarrthóirí **gach** pointe.
Marcáil gach pointe ar bhonn indibhidiúil don **Ábhar** ar dtús agus ansin marcáil iad go huilíoch le haghaidh **Cumas Scríofa** tríd na critéir thíos a úsáid.

Ábhar **16** mharc + Cumas Scríofa **24** marc = **40** marc

**ÁBHAR 8 bpointe x 2m = 16 mharc**

Marcáil gach pointe ar bhonn indibhidiúil tríd na critéir thíos a úsáid:

| Catagóir | Ábhar | Marcanna |
|---|---|---|
| Barr | • Tá an t-ábhar soiléir agus ábhartha den chuid is mó<br>• Forbraíodh an pointe | **2m** |
| Bun | • Tá an t-ábhar soiléir agus ábhartha i bpáirt<br>• Níor forbraíodh an pointe | **1m** |
| | • Tá an t-ábhar neamhshoiléir/neamhábhartha | **0** |

**CUMAS SCRÍOFA 24 marc**

Chun teacht ar mharc le haghaidh cumas scríofa déan **breithiúnas uilíoch** maidir le húsáid na teanga mar a leanas: stór focal, aimsirí, inscne agus comhtheacht aidiachtaí, litrithe, forainmneacha, réamhfhocal, úsáid na diúltach, srl. de réir na gcritéar marcála seo a leanas.

Bronn marcanna le haghaidh an chumais scríofa fhoriomlán a léiríonn an t-iarrthóir maidir le gach pointe a freagraíodh.

- Chun marcanna sa chatagóir 'Barr' a bhronnadh, ba chóir go bhfreagraítear gach ceann de na 8 bpointe – téigh ar aghaidh go **Tábla B**.
- Má fhreagraítear níos lú ná 8 bpointe, tagair do **Thábla A** agus ansin téigh ar aghaidh go **Tábla B** chun an cheist a mharcáil.

| **Tábla A** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pointí a freagraíodh:** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| **Uasmharc bronnta:** | 6m | 7m | 9m | 11m | 13m | 15m | 18m |

| **Tábla B** | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Cumas Scríofa** | **Marcanna** |
| Barr | • Stór focal – saibhir agus nathach b'fhéidir<br>• Briathra agus aimsirí – ceart | **19 – 24m** |
| Lár | • Stór focal – an-mhaith<br>• Briathra agus aimsirí – ceart den chuid is mó | **13 – 18m** |
| Níos Ísle | • Stór focal – réasúnta maith<br>• Briathra agus aimsirí – mícheart den chuid is mó | **7 – 12m** |
| Bun | • Stór focal – cúng<br>• Briathra agus aimsirí – teoranta | **1 – 6m** |
| | • Dothuigthe / neamhábhartha | **0m** |

## AGUISÍN A hAON

## CÓIRÍOCHT RÉASÚNACH AGUS SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Leagan taifeadta d'obair scríofa*.
- *Úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe cumasaithe air.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*

### Roinn C Scríobh na Teanga

I Roinn C, Scríobh na Teanga, níor cheart pionós a ghearradh ar iarrthóirí ar bronnadh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí orthu nó iarrthóirí a bhain úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó ríomhaire le seiceálaí litrithe, mar gheall ar earráidí gramadaí nó litrithe. Ní chóir marcanna a bhronnadh ach amháin le haghaidh na cumarsáide agus an stóir focal. Ní ghearrfar pionós ar litriú mícheart, ar nós aicinn mhíchearta nó aiceann atá in easnamh, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn briathra agus comhtheacht aidiachtaí.

**Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 2023 – TRAS-SCRÍBHINN Ó CHLUAS**

**Ceist 1**

Ana: ¡Hola Manuel, qué sorpresa verte! ¡Nunca te veo en la biblioteca!

Manuel: ¡Hola prima! Es que tengo que estudiar.

Ana: Pero ¿por qué Manuel?

Manuel: Porque tengo un examen importante de historia y no me gusta nada la historia.

Ana: Uy, ¡Qué mala suerte! ¿Cuándo es el examen?

Manuel: Es el miércoles, no me queda mucho tiempo.

Ana: Uff, pues mucha suerte Manuel. Hasta luego.

Manuel: Adiós Ana.

**Ceist 2**

María: Mira Juana, tengo que organizar mi armario, no puedo encontrar nada y me he comprado algo de ropa nueva hoy.

Juana: Pues, aquí estoy yo para ayudarte. A ver, ¿qué ropa te has comprado?

María: Mira, una camiseta roja, una falda negra, un jersey verde y un vestido blanco.

Juana: Pero María, tú ya tienes ropa muy bonita. Y ¿tienes que llevar uniforme en el colegio?

María: Sí, y no me gusta nada. Es marrón, ¡un color muy feo! Tenemos también un uniforme para deportes.

Juana: Y ¿qué deportes hacéis en el colegio?

María: Bueno, hay muchos deportes, pero yo solo juego al baloncesto.

**Ceist 3**

Pronóstico del tiempo para hoy, ocho de marzo.
En León hace bastante buen tiempo con temperaturas de 12 grados.
En Madrid la temperatura es de 15 grados, en Barcelona 18 grados y en Alicante llegará a los 20 grados.
En Cádiz hoy hace mucho sol.
Por el contrario, en las montañas hace frío y mucho viento.
Está nublado en el oeste del país.

**Ceist 4**

Marta: Hola, soy Marta Fernández.

Peluquero: Hola Marta, ¿qué tal todo?

Marta: Bien, mira tengo una cita aquí para el viernes a las once de la mañana pero no puedo venir.

Peluquero: ¿Qué te ocurre?

Marta: Es que, a esa hora tengo que ir al médico porque me duele muchísimo la garganta.

Peluquero: No pasa nada. ¿Cuál es tu número de teléfono, Marta? Así te llamo con una cita nueva.

Marta: Vale, es el 984 236 751.

Peluquero: El 984 236 751, muy bien, te llamaré más tarde con otra cita nueva.

**Ceist 5**

Pablo: Perdone señora, ¿me puede ayudar?

Señora: Sí, por supuesto.

Pablo: Quiero ir al polideportivo. ¿Dónde está?

Señora: Al polideportivo, pues es muy fácil. Mira, sigue todo recto hasta el final de la calle, entonces gira a la derecha y el polideportivo está allí.

Pablo: A ver, sigo todo recto y al final de la calle, a la derecha. Muchas gracias. ¿Está lejos?

Señora: No, no, está muy cerca, a unos diez minutos andando.

Pablo: Ah, vale, muy bien. Gracias, adiós.

**Ceist 6**

Atención señores clientes. Hoy tenemos ofertas especiales en este centro comercial Espacio Mediterráneo.
En nuestro supermercado, tenemos ofertas en verduras de temporada: zanahorias, cebollas y pimientos a mitad de precio.
En la librería Félix, hay descuentos en libros de aventura, de ciencia ficción y de viajes. Todas estas ofertas son válidas hasta el martes, dieciocho de septiembre. Gracias por su visita a nuestro centro comercial.

**Ceist 7**

Buenas tardes profesores y alumnos. Me gustaría recordaros que este lunes, 15 de enero habrá una reunión de padres y profesores para alumnos de tercer curso. La reunión tendrá lugar en el salón de actos a partir de las cuatro de la tarde.

Además, tenemos una buena noticia deportiva. Nuestro equipo de fútbol ha ganado la final en Sevilla. Para celebrarlo, este viernes tendremos una fiesta en el gimnasio del colegio y no habrá clases por la tarde. Gracias a todos y ¡enhorabuena al equipo!

**Ceist 8**

Hola, me llamo Jack y hoy voy a hacer mi presentación sobre la ciudad de Madrid.
Madrid es la capital de España y está situada en el centro del país.
Desde Irlanda hay vuelos directos a Madrid; el viaje dura dos horas y media aproximadamente.
Madrid es una ciudad impresionante. Tiene muchos sitios de interés para los turistas como: el Palacio Real, la Catedral y la Plaza Mayor.
La comida en Madrid es muy buena. Hay muchos bares de tapas en la ciudad que tienen fama por la calidad de su comida. Se pueden probar tapas de tortilla española, de queso manchego y de albóndigas entre otras.

**PAUSA**

Madrid es famosa por sus galerías de arte. El Museo del Prado está en el centro de la ciudad y vale la pena visitarlo. Las entradas se pueden comprar en internet o en la taquilla del museo.
Madrid tiene un clima seco la mayor parte del año pero especialmente en verano cuando hace mucho sol y calor con cielos despejados.
Para terminar, he hecho esta presentación sobre Madrid porque me gustaría visitar esta ciudad en el futuro. Gracias por escucharme.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 360 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 13 |
| 274 - 280 | 12 |
| 281 - 286 | 11 |
| 287 - 293 | 10 |
| 294 - 300 | 9 |
| 301 - 306 | 8 |
| 307 - 313 | 7 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 314 - 320 | 6 |
| 321 - 326 | 5 |
| 327 - 333 | 4 |
| 334 - 340 | 3 |
| 341 - 346 | 2 |
| 347 - 353 | 1 |
| 354 - 360 | 0 |

| Marc | Grád |
| --- | --- |
| 324 – 360 | Gradam |
| 270 – 323 | Ardtuillteanas |
| 198 – 269 | Tuillteanas |
| 144 – 197 | Gnóthaithe |
| 72 – 143 | Gnóthaithe go Páirteach |
| 0 – 71 | Grád ar Bith Gnóthaithe / GBG |

Leathanach Bán

Leathanach Bán